# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

**OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉARDAOIN, 23 MEITHEAMH 2005, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.00**

Iomlán na Marcanna: 320

***Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí***

NÍ MÓR D'IARRTHÓIRÍ TABHAIRT FAOI :

- **DHÁ CHEIST AS AONAD A hAON**
- **DHÁ CHEIST AS AONAD A DÓ**
- **CHEIST AMHÁIN AS AONAD A TRÍ**

## AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ar gach ceist)**

## ROINN A AN CUARDACH DO BHRÍ AGUS LUACHANNA

### CEIST 1. AN COMHTHÉACS COMHAIMSEARTHA

a. Luaigh dhá cheist faoi bhrí na beatha a chuir fealsúnaí **amháin** a ndearna tú staidéar air. (10 marc)

b. Tabhair éirim an fhreagra ar cheist faoi bhrí na beatha a thug fealsúnaí **amháin** a ndearna tú staidéar air. (15 mharc)

c. Rianaigh sampla **amháin** den chuardach do bhrí na beatha ó cheol, ó ealaín, ó scannáin, nó ó litríocht an lae inniu. (15 mharc)

### CEIST 2. FIANAISE AR CHREIDEAMH REILIGIÚNACH

a. Déan cur síos ar dheasghnáth **amháin** ón domhan ársa a léiríonn fianaise ar chreideamh reiligiúnach. (10 marc)

b. Rianaigh go hachomair an creideamh reiligiúnach a mheabhraíonn an deasghnáth seo dúinn. (15 mharc)

c. Déan cur síos ar shlí **amháin** eile inar cuireadh creideamh reiligiúnach in iúl sa domhan ársa. (15 mharc)

### CEIST 3. COINCHEAPA DE DHIA

a. Cad is ciall leis an téarma "aondiachas"? (10 marc)

b. Ainmnigh **dhá** reiligiún atá ina samplaí d'aondiachas. (10 marc)

c. Rianaigh go hachomair an tuiscint ar Dhia atá le fáil i gceann de na reiligiúin ainmnithe agat thuas. (20 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach ceist)**

### ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT - NA POBAIL CHRÍOSTAÍOCHTA LUATHA

Roghnaigh ceann **amháin** de na pobail Chríostaíochta luatha atá sa liosta thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

● Coraint ● Filipí ● Teasaloinicé

a. Déan cur síos ar an saghas saoil a bhí ag an bpobal atá roghnaithe agat thuas. (30 marc)

b. Rianaigh fadhb **amháin** a raibh ar an bpobal seo déileáil leí. (20 marc)

c. Mínigh an tslí inar chabhraigh a gcreidimh reiligiúnacha leis an bpobal déileáil le fadhbanna mar seo. (30 marc)

### ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA – AMANNA AGUS SÉASÚIR

*Tá laethanta agus séasúir, a cheiliúrtar gach bliain, ag gach reiligiún.*

a. Roghnaigh **dhá** cheann de na reiligiúin dhomhanda atá luaite thíos. Luaigh lá nó séasúr speisialta a cheiliúrann gach reiligiún díobh, faoi seach, gach bliain.

◆ An Búdachas ◆ An Chríostaíocht ◆ An Giúdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

(20 marc)

b. Rianaigh deasghnáth reiligiúnach a bhfuil baint aige le ceann **amháin** de na laethanta nó na séasúir speisialta atá ainmnithe agat. (20 marc)

c. Mínigh an bhrí atá leis an deasghnáth seo do bhaill an reiligiúin dhomhanda atá roghnaithe agat. (40 marc)

### ROINN D TEACHT AR CHINNEADH MORÁLTA - COINSIAS

a. Cad is coinsias ann? (20 marc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shlí inar féidir le duine a c(h)oinsias a chur ar an eolas. (20 marc)

c. Uaireanta is féidir go mbeadh údaráis reiligiúnacha **nó** shibhialta i gcoimhlint le coinsias aonair duine. Déan cur síos ar chomhthéacs ina bhféadfadh go dtarlódh a leithéid de choimhlint agus mínigh an fáth ar dócha gur tharla an choimhlint seo. (40 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI CHEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS.

**(Tá 80 marc ar gach ceist)**

### ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

Déan comparáid idir ról na bhfear agus ról na mban i gceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas.

(80 marc)

### ROINN F CEARTAS AGUS SÍOCHÁIN

- Ceartas mar Ghaolmhaireacht Cheartordaithe
- Ceartas mar Chothrom na Féinne
- Ceartas mar Chosaint ar Chearta Daonna

a. Rianaigh ceann **amháin** de na físeanna ceartais thuas. (40 marc)

b. Mínigh an gaol atá idir ceartas agus síocháin. (40 marc)

### ROINN H AN BÍOBLA AGUS TÉACS NAOFA

*An Deichniúr Freastalaithe Bainise*

"Ag an uair sin beidh Ríocht neimhe mar seo. Uair amháin bhí deichniúr cailíní a thóg a lampaí ola agus a chuaigh amach chun bualadh leis an bhfear nuaphósta. Bhí cúigear díobh ar easpa tuisceana agus bhí an cúigear eile tuisceanach …"

(Maitiú 25:1-2 *Bíobla an Dea-Scéala)*

*An Deichniúr Freastalaithe Bainise*

"Ansin beidh ríocht neimhe mar seo. Thóg deichniúr cailíní coimhdeachta a lampaí agus chuaigh siad chun bualadh leis an bhfear nuaphósta. Bhí cúigear díobh ar easpa tuisceana, agus bhí cúigear tuisceanach… "

(Maitiú 25: 1-2 *An leagan Nua Athcheartaithe Caighdeánach)*

*An Deichniúr Freastalaithe Bainise*

"Ansin beidh ríocht neimhe mar seo. Thóg deichniúr cailíní coimhdeachta a lampaí agus chuaigh siad chun bualadh leis an bhfear nuaphósta. Bhí cúigear díobh ar easpa tuisceanna agus bhí cúigear tuisceanach…"

(Maitiú 25: 1-2 *Bíobla Iarúsailéim)*

a. Cad is parabal ann? (10 marc)

b. i . Tabhair éirim an scéil *An Deichniúr Freastalaithe Bainise*. (20 marc)

ii. Cén chaoi a bhfuil an scéal *An Deichniúr Freasalaithe Bainise* ina shampla maith de pharabal? (20 marc)

c. Mínigh cén tslí a bhfuil brí ag an bparabal *An Deichniúr Freastalaithe Bainise* do Chríostaithe an lae inniu.

(30 marc)

## ROINN J     REILIGIÚN AGUS EOLAÍOCHT

Agus é ag trácht ar an ngéarchéim eiceolaíoch, dúirt an Pápa Eoin Pól II:

*"Tá machairí agus gleannta coillteacha loitithe, tá uiscí truaillithe, tá gnáthóg an domhain millte, tá an t-aer déanta do-análaithe … agus tá réigiúin bhláfara iompaithe ina bhfásaigh ag an gcine daonna, gan staonadh, go háirithe lenár linn féin."*

a. Céard í an ghéarchéim eiceolaíochta a gcaithfear aghaidh a thabhairt uirthi i ndomhan an lae inniu? (20 marc)

b. Mínigh conas ab fhéidir go gcabhródh tuiscint reiligiúin amháin dhomhanda díobh seo a leanas ar an gcruthú, le réiteach a aimsiú ar an ngéarchéim eiceolaíoch.

- An Búdachas
- An Chríostaíocht
- An Giúdachas
- An Hiondúchas
- An tIoslamachas

(30 marc)

c. Agus tuairimí reiligiúin dhomhanda **amháin** díobh sin thuas san áireamh agat, mínigh a bhfuil de na tuairimí sin i gcomhpháirt ag an eolaíocht. (30 marc)

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**